

## **Nótaí Paróiste agus Liotúirge (le cur ar fáil i dteannta Ráiteas na n-Easpag)**

“Chun glacadh go fírinneach le Corp agus Fuil Chríost a tugadh ar ár son, ní mór dúinn Críost a aithint iontu siúd is boichte, arb iad a bhráithre.” (*Caiticíosma na hEaglaise Caitlicí* 1997, uimh. 1397)

“Iad siúd a bhfuil sé d’acmhainn acu cabhrú le daoine eile, tuigfidh siad go mbeidh cabhair le fáil acu féin sa ghníomh seo; ní haon tuillteanas nó gnóthachtáil dá gcuid féin é a bheith in ann cabhrú le daoine eile.” (An Pápa Benedict XVI *Is é Dia an Grá* n 35)

### **An Séú Domhnach den Cháisc**

Is ar an Séú Domhnach den Cháisc a thiteann an chéad Chuimhneachán Náisiúnta ar an nGorta Mór. Féadfaidh an Cuimhneachán cuidiú leis na téamaí i léachtaí an lae inniu a fhorbairt:

Sa léacht ó Ghníomhartha na nAspal (10:15-26, 34-35, 44-48), is tráth an-suntasach ag Peadar é comhrá Choirnéilias. San eachtra seo agus sa phaidir atá mar bhun leis, baistean Peadar an Gintlí Coirnéilias, agus teachtaireacht an Spioraid maidir le maitheas an uile ní dar cruthaíodh agus comhionannas iomlán an uile dhuine i láthair Dé mar spreagadh aige.

In 1 Eoin 4, déantar tuilleadh plé ar chúram Dé don duine. Grá Dé don duine, nuair a théann duine ina thaití uair amháin, meallann sé muid le daoine eile a ghráú : “an té nach eol dó an grá níl aithne aige ar Dhia.” Agus bochtaineacht agus díth ina measc siúd is boichte timpeall orainn, glaotar orainn chun grá a léiriú. Sa tsli seo, tá macalla ar ghlaoch an tsalmair chun an chirt, óir is é is bonn le ríchathaoir an Tiarna ná “ceart agus cóir”. (Salm 97:2)

Sa léacht ó Shoiscéal Eoin, fágann Íosa ráiteas deifnídeach mar é againn ar an ngrá, á mheabhrú dúinn gur chóir dúinn “Sibh a thabhairt grá dá chéile, faoi mar a thug mé grá daoibh”. Sna focail seo, is féidir go bhfuil an achoimre is simplí againn ar ár gcreideamh. Faoi mar a mheabhraíonn an tAthair Naofa Benedict XVI dúinn in *Is é Dia an Grá*, nuair a thuigimid féin go ngránn Dia sinn, ní ‘aithne’ dúinn níos mó ón taobh amuigh an glaoch chun grá a thaispeáint do dhaoine eile, a bhfuil ní dodhéanta á lorg aige, ach taití ar an ngrá ón taobh istigh a thugtar go fonnmar, grá den chineál go gcaithfear é a roinnt ar dhaoine eile.”<sup>1</sup>

### **Imigí faoi shíocháin chun grá agus seirbhís a thabhairt don Tiarna**

I dtráth seo an chuimhneacháin, is iomaí rud a thig linn a dhéanamh sna pobail atá againn sna paróistí:

- Is de nádúr an Chaitliceachais in Éirinn é dul ar oilithreacht, le hoilithreachtaí aithrí chuig ionaid antábachtacha ar nós Loch Deírg, Cruach Phádraig nó tobar beannaithe. D’fhéadfadh foirne liotúirge paróiste oilithreacht a eagrú chuig láthair gorta áitiúil mar a bhféadfaí an Eocairist a cheiliúradh.
- D’fhéadfaí liotúirgí páistí agus daoine óga i bparóistí agus i scoileanna a eagrú go cruthaitheach agus gorta mar théama.
- D’fhéadfaí paidreacha nó beannachtaí a dhéanamh ag uaigneanna ón nGorta a bhfuil eolas orthu go háitiúil.
- D’fhéadfaí paidreacha speisialta a chur san áireamh i nGuí an Phobail ar son na n-íobartach agus ar son na nglún d’imircigh as Éirinn a díláithrífodh de dheasca na tragóide náisiúnta seo.
- D’fhéadfadh grúpaí ar son na córa nó grúpaí staidéir ar an mBíobla machnamh a dhéanamh ar théamaí ráiteas na n-Easpag thuas i bhfianaise Bhriathar Dé, chomh maith le léachtaí an lae ó na scríoptúir.
- D’fhéadfadh grúpaí Urnaithe, grúpaí ar son na Córa nó grúpaí staidéir ar an mBíobla traidisiún ársa an troscaidh a athbheoú, traidisiún atá chomh préamhaithe sin sa teanga go dtugtar troscáí éagsúla mar ainmneacha ar laethanta na seachtaine. Dé Céadaoin (an chéad aoine. aoine = troscadh), Déardaoin (an lá idir an dá aoine), Dé hAoine (an troscadh). Thabharfadh troscadh mar seo dúshlán an tomhaltachais indibhidiúlaigh atá chomh rábach sin i saol an lae inniu.
- in this way is to challenge the individualistic consumerism which is so characteristic of our times.

---

<sup>1</sup> *Is é Dia an Grá*, 2005, n.18

## Na Mórtheachtaireachtaí i Ráiteas na n-Easpag

Is iad na príomhtheachtaireachtaí a phléitear i ráiteas na n-Easpag a ghabhann leis seo ná:

- Tá cuimhne chuí shollúnta dlite ag an nGorta Mór in Éirinn;
- Is mó duine fós atá thíos le hocras agus gorta sa lá atá inniu ann seachas mar a bhí in 1995;
- Ainneoin saol na bhfuíoll a bheith ann, tá daoine fós faoi ocra;
- Gníomh an duine, agus faillí an duine, is cúis le gorta, cuid mhór;
- Struchtúir pholaitíochta agus eacnamaíochta is cúis le gorta agus cuireann siad leis agus is minic a thagann ann do na struchtúir seo de thoradh iompar daoine aonair, iompar ar peaca é;
- Tá ocra agus míchothú ag teacht i dtreis in Éirinn mar chuid fírinneach den saol;
- Cuireann scrios na timpeallachta le hocras agus gorta;
- Glaotar ar Chríostaithe chun comhar agus chun comhoibrithe go fial, bunaithe ar luacha agus ar chearta mar a bhaineann le dínit an duine daonna féin ó nádúr;
- Aithnímid aghaidh Chríost iontu siúd atá thíos le hocras agus gorta;
- Foinse dho-ídithe is ea an phaidreoireacht ar sheirbhís ghrámhar dár gcomharsa;
- Tá dúshlán romhainn aghaidh a thabhairt ar riachtanais na mbochtán sa bhaile agus trua a ghlacadh orthu siúd atá ag fulaingt le gorta ar fud an domhain;
- Tá gá ag Trócaire agus ag áisíneachtaí fóirthinge agus forbartha eile le tacaíocht uainn;
- Iarraimid ar rialtais aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna a bhaineann le hocras agus gorta a bheith ann agus a gcuid geallúintí maidir le cúnaimh coigríche a chomhlíonadh.

**Críoch**